C/2023/397

23.11.2023

P9_TA(2023)0070

Gníomhaíochtaí an Ombudsman Eorpaigh – tuarascáil bhliantúil 2021

Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 14 Márta 2023 maidir leis an tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí an Ombudsman Eorpaigh in 2021 (2022/2141(INI))

(C/2023/397)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint don tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí an Ombudsman Eorpaigh in 2021,

— ag féachaint d'Airteagal 10(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE),

— ag féachaint d'Airteagail 15, 24(3) 228 agus 298(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE),

— ag féachaint d'Airteagail 11, 41, 42 agus 43 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt'),

— ag féachaint do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas (UNCRPD),

— ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2021/1163 ó Pharlaimint na hEorpa an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman (Reacht an Ombudsman Eorpaigh) agus lena n-aisghairtear Cinneadh 94/262/CEGC, CE, Euratom ([1]),

— ag féachaint don Chód Eorpach um Dhea-Chleachtas Riaracháin, arna ghlacadh ag an bParlaimint an 6 Meán Fómhair 2001,

— ag féachaint don Chreat-Chomhaontú um Chomhar a tugadh i gcrích idir an Pharlaimint agus an tOmbudsman Eorpach an 15 Márta 2006 agus a tháinig i bhfeidhm an 1 Aibreán 2006,

— ag féachaint do na rúin uaithi roimhe seo maidir le gníomhaíochtaí an Ombudsman Eorpaigh,

— ag féachaint do rún uaithi an 9 Márta 2022 maidir le rannpháirtíocht leis na saoránaigh: an ceart chun achainí a dhéanamh, an ceart tarchur a dhéanamh chuig an Ombudsman Eorpach agus an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh ([2])

— ag féachaint do Rialacha 54 agus 232(1) dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Achainíocha (A9-0054/2023),

A. de bhrí go ndearnadh an tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí an Ombudsman Eorpaigh in 2021 a chur faoi bhráid Uachtarán na Parlaiminte an 7 Meitheamh 2022 agus gur thíolaic an tOmbudsman, Emily O'Reilly, a tuarascáil don Choiste um Achainíocha an 8 Meán Fómhair 2022 sa Bhruiséil;

B. de bhrí go dtugann Airteagail 20, 24 agus 228 CFAE agus Airteagal 43 den Chairt údarás don Ombudsman Eorpach gearáin a ghlacadh a bhaineann le cásanna drochriaracháin i ngníomhaíochtaí institiúidí, chomhlachtaí, oifigí nó ghníomhaireachtaí an Aontais, cé is moite de Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) agus í ag gníomhú ina ról breithiúnach;

C. de bhrí go luaitear in Airteagal 15 CFAE 'd'fhonn an dea-rialachas a chur chun cinn agus rannpháirtíocht na sochaí sibhialta a áirithiú, seolfaidh institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais a gcuid oibre ar dhóigh chomh hoscailte agus is féidir' agus go 'mbeidh ag gach saoránach den Aontas, agus ag aon duine nádúrtha nó dlítheanach a chónaíonn nó a bhfuil a oifig chláraithe reachtach aige i mBallstát, ceart rochtana ar dhoiciméid de chuid institiúidí, chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí an Aontais'; de bhrí go bhfuil sé ríthábhachtach a áirithiú go gcuirtear seirbhísí ardchaighdeáin ar fáil do shaoránaigh AE agus go bhfreagraíonn riarachán AE dá riachtanais agus dá n-ábhair imní chun cearta agus saoirsí bunúsacha na saoránach a chosaint;

D. de bhrí go sonraítear, *inter alia*, in Airteagal 41 den Chairt maidir leis an gceart chun dea-riaracháin go bhfuil sé de cheart ag gach duine 'go ndéanfaidh institiúidí agus comhlachtaí uile an Aontais a ghnóthaí nó a gnóthaí a láimhseáil go neamhchlaon, go cóir agus laistigh de thréimhse réasúnta';

([1]) IO L 253, 16.7.2021, lch. 1.
([2]) IO C 347, 9.9.2022, lch. 110.

E. de bhrí go sonraítear in Airteagal 298(1) CFAE, go '[m]beidh de thacaíocht ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, agus a gcúraimí á gcomhall acu, riarachán Eorpach a bheidh oscailte, éifeachtach agus neamhspleách';

F. de bhrí gur uirlisí rannpháirtíochta iad an ceart chun dul chuig an Ombudsman, an ceart chun achainí a dhéanamh agus an Tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh, lena spreagtar trédhearcacht, daonlathas rannpháirteach agus saoránacht ghníomhach Eorpach;

G. de bhrí, in 2021, gur chabhraigh an tOmbudsman in 2021 le 20 536 dhuine agus gur oscail sí 338 bhfiosrúchán, a raibh 332 díobh bunaithe ar ghearáin agus ar fhiosrúcháin féintionscnaimh iad 6 cinn díobh, agus gur dhún sí 305 fhiosrúchán (300 fhiosrúchán bunaithe ar ghearáin agus 5 fhiosrúchán féintionscnaimh); de bhrí gur bhain an chuid is mó de na fiosrúcháin leis an gCoimisiún (208 bhfiosrúchán nó 61,5 %); de bhrí gur bhain na chéad uimhreacha eile is mó leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) (16 fhiosrúchán nó 4,7 %), an Pharlaimint (13 fhiosrúchán nó 3,8 %), an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (13 fhiosrúchán nó 3,8 %), an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex) (11 fhiosrúchán nó 3,3 %), an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach (8 bhfiosrúchán nó 2,4 %), an Chomhairle Eorpach (7 bhfiosrúchán nó 2,1 %), an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (6 fhiosrúchán nó 1,8 %) agus institiúidí eile (34 fhiosrúchán nó 10,1 %);

H. de bhrí gurbh iad trédhearcacht agus cuntasacht (rochtain ar fhaisnéis agus ar cháipéisí) (29 %), cultúr seirbhíse (26 %) agus úsáid chuí cumhachtaí lánroghnacha, lena n-áirítear nósanna imeachta um shárú (18 %), na trí phríomhábhar imní a bhí sna fiosrúcháin a dhún an tOmbudsman sa bhliain 2021; de bhrí go n-áirítear ar na hábhair imní eile urraim do chearta nós imeachta, urraim do chearta bunúsacha, bainistiú maith ar shaincheisteanna maidir le pearsanra, bainistíocht fhónta airgeadais, rannpháirtíocht phoiblí i gcinnteoireacht an Aontais, ceisteanna eiticiúla, agus sceithireacht ar riarachán AE;

I. de bhrí gur oscail an tOmbudsman 6 fhiosrúchán straitéiseacha nua ina cuid oibre straitéisí in 2021: maidir leis an gcaoi a ndéanann an Coimisiún Eorpach aistrithe 'doirse imrothlacha' a bhall foirne a bhainistiú; maidir le trédhearcacht idirghníomhaíochtaí an Choimisiúin Eorpaigh le hionadaithe sa tionscal tobac; maidir leis an gcaoi a gcomhlíonann Frontex a oibleagáidí maidir le cearta bunúsacha agus cuntasacht a áirithiú i ndáil lena fhreagrachtaí feabhsaithe nua; maidir leis an gcaoi ar dhéileáil an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint leis an iarratas óna hiarPhríomhfheidhmeannach poist shinsearacha a ghlacadh in Airbus; maidir leis an mbealach a ndéanann an Coimisiún faireachán ar Chistí AE arna n-úsáid chun cearta daoine faoi mhíchumas agus daoine scothaosta chun maireachtáil go neamhspleách a chur chun cinn; agus maidir leis an gcaoi a mbíonn faisnéis phearsanta áirithe faoi iarratasóirí ar phoist i seilbh an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta sula ndéantar cinntí earcaíochta;

J. de bhrí, i bhfiosrúchán leathan ar 'doirse imrothlacha' lena gcumhdaítear sampla de 100 cinneadh a rinne an Coimisiún in 2019-2021, gur chinn an tOmbudsman nár thoirmisc an Coimisiún ach dhá ghníomhaíocht;

K. de bhrí gur sa bhliain 2021 a comóradh fiche bliain ó tháinig Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ([3]) (An Dlí Trédhearcachta) i bhfeidhm maidir leis an gceart chun rochtain phoiblí a fháil ar dhoiciméid; de bhrí gur chinntigh an tOmbudsman in 2021 go mbeadh béim á leagan ag an Oifig ar rochtain ar dhoiciméid i rith na bliana, toisc gurb í trédhearcacht príomhábhar na ngearán agus is tosaíocht í freisin i ndáil lena hobair; de bhrí gur óstáil an tOmbudsman comhdháil phoiblí maidir leis an gcaoi ar cheart an Rialachán Trédhearcachta a nuachóiriú chun freastal ar riachtanais an phobail sa réimse sin;

L. de bhrí gur rialaigh CBAE roinnt uaireanta gurb í an oscailteacht sa phróiseas reachtach a rannchuidíonn go beacht le dlisteanacht níos mó a thabhairt do na hinstitiúidí i súile shaoránaigh an Aontais agus a muinín iontu a mhéadú trí chead a thabhairt d'éagsúlachtaí idir roinnt tuairimí a phlé go hoscailte; de bhrí gur shonraigh CBAE gurb amhlaidh is féidir gurb í easpa faisnéise agus díospóireachta is socair le hamhras in aigne na saoránach agus go bhféadfadh sí scaipeadh na mífhaisnéise a éascú, ní hamháin maidir le dlíthiúlacht gnímh aonair, ach freisin maidir le dlisteanacht an phróisis cinnteoireachta ina iomláine ([4]);

M. de bhrí go bhfuil sé ríthábhachtach feabhas a chur ar rannpháirtíocht agus trédhearcacht na saoránach ar leibhéal AE chun an bhearna a mheastar a bheith ann idir AE, a institiúidí, a shaoránaigh agus a eagraíochtaí ionadaíocha a dhruidim, rud lena ndéanfaí leibhéil ísle muiníne agus iontaoibh na saoránach in institiúidí an Aontais a shárú agus fíordhaonlathas il-leibhéil a bhaint amach; de bhrí go bhfuil ról lárnach ag an Ombudsman maidir leis an mbearna sin a dhruidim;

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún. (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43).

([4]) Breithiúnais Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 1 Iúil 2008, *an tSualainn agus Turco* v *an Chomhairle*, C-39/05 P agus C-52/05 P, ECLI:EU:C:2008:374, mír 59 agus an 22 Márta 2018, *Emilio De Capitani* v *Parlaimint na hEorpa*, T-540/15, ECLI:EU:T:2018:167, mír 78.

N. de bhrí gur gné bhunriachtanach de dhaonlathas rannpháirtíochta agus de dhlisteanacht phróiseas cinnteoireachta an Aontais iad na gearáin a dhéanann na saoránaigh leis an Ombudsman toisc go gcuireann siad trédhearcacht agus dea-riarachán chun cinn in institiúidí agus i gcomhlachtaí AE; de bhrí go bhfuil forbairt tagtha ar ról an Ombudsman thar na blianta lena gcuirtear ar a gcumas cumhachtaí féintionscnaimh a úsáid anois chun cabhrú le dul i ngleic le fadhbanna sistéamacha i riarachán AE agus moltaí a dhéanamh maidir le feabhsú d'fhonn na fadhbanna i gcásanna éagsúla drochriaracháin a réiteach, agus ar an gcaoi sin, ról a ghlacadh, atá ag iarraidh níos tábhachtaí, i saol na saoránach a mhéid a bhaineann le saincheisteanna amhail an comhshaol, an imirce agus an tsláinte;

O. de bhrí, i gcásanna nach dtagann gearán faoina sainordú, gur cheart don Ombudsman a mholadh don ghearánach é a tharchur chuig údarás eile nó chuig an gCoiste um Achainíocha;

P. de bhrí gur leag CBAE béim ar an bhfíoras go bhfuil dhá ghné den mhúnla daonlathach a ghlac an tAontas; daonlathas ionadaíoch, bunaithe ar Airteagal 10 (1) agus (2) CAE, agus daonlathas rannpháirteach, bunaithe ar Airteagal 10 (3) CAE; de bhrí go dtugann an chéad ghné le tuiscint go bhfuil ionadaithe na saoránach freagrach as na cinntí a dhéanann siad agus go gcuireann an dara gné ar chumas na saoránach a bheith rannpháirteach sa phróiseas cinnteoireachta; de bhrí gur shonraigh CBAE go bhfuil an trédhearcacht ábhartha sa dá ghné sin ([5]);

Q. de bhrí gur oscail Oifig an Ombudsman a tionscnaimh nua agus straitéiseacha féin ina cuid oibre straitéisí in 2021 maidir leis an gcaoi a ndéanann institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais taifead ar théacs agus ar theachtaireachtaí meandracha arna seoladh/arna bhfáil ag baill foirne ina gcáil ghairmiúil; maidir leis an intleacht shaorga agus riarachán an Aontais; maidir le dualgas riarachán an Aontais an pobal a chur ar an eolas faoi conas an ceart maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid an Aontais a chur i bhfeidhm; maidir le trédhearcacht thairseach an Aontais maidir le tairiscintí a bhainistiú i ndáil le conarthaí arna ndámhachtain ag institiúidí an Aontais; maidir le hoibleagáidí trédhearcachta an Choimisiúin i gcomhthéacs an athbhreithnithe atá le teacht ar reachtaíocht an Aontais i ndáil le tobac; maidir leis an gcaoi a gcuireann an Coimisiún faisnéis ar fáil faoi chruinnithe idir coimisinéirí agus eagraíochtaí nó daoine féinfhostaithe; maidir leis an gcaoi a gcinntíonn an Coimisiún Eorpach go n-urramaítear cearta an duine i gcomhthéacs comhaontuithe idirnáisiúnta trádála;

R. de bhrí gur luaigh CBAE, agus tagairt á déanamh aici don cheart rochtana is leithne is féidir ar dhoiciméid an Aontais a thabhairt don phobal, go rannchuidíonn oscailteacht ina leith sin le neartú an daonlathais trí chead a thabhairt do shaoránaigh grinnscrúdú a dhéanamh ar an bhfaisnéis go léir atá mar bhunús le gníomh reachtach; de bhrí go bhfuil argóint déanta ag CBAE gur réamhchoinníoll chun a gcearta daonlathacha a fheidhmiú go héifeachtach í féidearthacht na saoránach na breithnithe atá mar bhonn taca le gníomhaíocht reachtach a fháil amach ([6]);

S. de bhrí go bhfuil léirmhíniú déanta ag CBAE ar Airteagal 10(3) CAE agus ciallaíonn sé, i gcóras atá bunaithe ar phrionsabal na dlisteanachta daonlathaí, nach mór na comhreachtóirí a thabhairt chun cuntais as a ngníomhaíochtaí don phobal; de bhrí gur shonraigh CBAE, má tá saoránaigh le bheith in ann a gcearta daonlathacha a fheidhmiú, nach mór dóibh a bheith in ann an próiseas cinnteoireachta a leanúint go mion laistigh de na hinstitiúidí atá rannpháirteach sna nósanna imeachta reachtacha agus rochtain a bheith acu ar an bhfaisnéis ábhartha uile ([7]);

1. ag formheas thuarascáil bhliantúil 2021 a thíolaic an tOmbudsman Eorpach, agus ag moladh an cur i láthair den scoth a rinne sí ar na fíorais agus na figiúirí is tábhachtaí maidir le hobair an Ombudsman in 2021;

2. ag tréaslú le Emily O'Reilly agus le foireann a hoifige, as an obair iontach agus as na hiarrachtaí cuiditheacha a rinne siad chun teacht ar chothromaíocht idir ceart institiúidí an Aontais chun oibre agus leas an phobail i riarachán an Aontais a chloíonn leis na caighdeáin is airde sláine agus cuntasachta. ag tréaslú leo as an bhfeabhas a chuir sí ar dhaonlathas ionadaíoch agus rannpháirteach, agus feabhas á chur aici ag an am céanna ar rannpháirtíocht phoiblí i bpróiseas cinnteoireachta an Aontais agus ar dhlisteanacht an phróisis; ag aithint go bhfuil athruithe dearfacha tagtha ar obair an Ombudsman laistigh d'institiúidí agus comhlachtaí an Aontais;

3. á chur in iúl gur mór aici an caidreamh iontach idir an tOmbudsman Emily O'Reilly agus an Coiste um Achainíocha in 2021; á chur in iúl gur mór aici an comhoibriú láidir idir an dá chomhlacht mar uirlis thábhachtach chun cuntasacht dhaonlathach institiúidí an Aontais a mhéadú; á mheabhrú go bhfuil an caidreamh leis an Ombudsman Eorpach ar cheann de na freagrachtaí a thugtar don Choiste um Achainíocha le Rialacha Nós Imeachta na Parlaiminte; á chur in iúl gur mór aici an leas coiteann a léirítear i roinnt rún bunaithe ar fhiosrúcháin an Ombudsman, go háirithe maidir le trédhearcacht agus cuntasacht riarachán an Aontais i gcomhthéacs COVID-19;

([5]) Breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcás T-540/15, ECLI:EU:T:2018:167, mír 41.

([6]) Breithiúnais Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcásanna C-39/05 P agus C-52/05 P, ECLI:EU:C:2008:374, mír 46; agus T-540/15, EU:T:2018:167, mír 80; An 17 Deireadh Fómhair 2013, *an Chomhairle* v *Access Info Europe*, C-280/11 P, ECLI:EU:C:2013:671, mír 33; agus an 15 Meán Fómhair 2016, *Herbert Smith Freehills* v *an Chomhairle*, T-710/14, ECLI EU: T:2016:494, mír 35.

([7]) Breithiúnais Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 22 Márta 2011, *Access Info Europe* v *an Chomhairle*, T-233/09, ECLI:EU:T:2011:105, mír 69; agus i gCás T-540/15, ECLI:EU:T:2018:167, mír 98.

4. á chur in iúl gur geal léi na tionscnaimh a rinne an tOmbudsman chun a fháil amach conas a d'fhéadfadh institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais saoránaigh a chur ar an eolas faoin gceart rochtana poiblí ar dhoiciméid; á chur in iúl gur geal léi an chomhdháil phoiblí maidir lena bhfuil i ndán do rialacha rochtana ar dhoiciméid a d'eagraigh Oifig an Ombudsman sa Bhruiséil an 15 Samhain 2021 dar teideal 'Rochtain ar dhoiciméid an Aontais: an chéad chéim eile?';

5. ag tréaslú leis an Ombudsman as an obair chun treoir ghearr a eisiúint do riarachán an Aontais maidir leis na beartais agus na cleachtais ar cheart dóibh a chur chun feidhme chun éifeacht a thabhairt don cheart maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid an Aontais; ag tréaslú leis an Ombudsman as an gcomhairle a tugadh tríd an Treoir Idirghníomhach atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an Ombudsman;

6. á chreidiúint go láidir gurb ionann rochtain na saoránach ar dhoiciméid uile de chuid na n-institiúidí, na n-oifigí agus na ngníomhaireachtaí Eorpacha agus an bonn don daonlathas rannpháirteach agus go gcuidíonn sí le feasacht an phobail ar institiúidí AE agus tacaíocht dóibh a fheabhsú; á chur in iúl gur geal léi iarrachtaí an Ombudsman feabhas a chur ar rannpháirtíocht an phobail i bpróiseas cinnteoireachta an Aontais agus ar dhlisteanacht an phróisis; á chur i bhfios, leis an gceart chun ábhar a tharchur chuig an Ombudsman go méadaítear rannpháirtíocht na saoránach le hinstitiúidí AE agus muinín na saoránach ina dtaobh, ós rud é go ndéantar trédhearcacht agus dea-rialachas institiúidí agus chomhlachtaí an Aontais a chur chun cinn;

7. á mheabhrú gur chuir CBAE i bhfios go láidir go bhfuil ceanglas na neamhchlaontachta, atá ina cheangal ar na hinstitiúidí, ar chomhlachtaí, ar oifigí agus ghníomhaireachtaí i gcomhlíonadh a gcúraimí, ceaptha chun cóir chomhionann a ráthú, ar ceann de bhunchlocha an Aontais Eorpaigh í; á thabhairt chun suntais go bhfuil sé d'aidhm ag an gceanglas sin cásanna ina bhféadfadh coinbhleachtaí leasa a bheith ann a sheachaint agus go gcumhdaítear leis aon imthosca a n-iarrtar ar oifigeach nó ar ghníomhaire cinneadh a dhéanamh ina leith, i bhfianaise a bhuntábhachtaí atá sé an neamhspleáchais agus an tsláine a ráthú maidir le feidhmiú inmheánach institiúidí, chomhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir lena n-íomhá ón taobh amuigh ([8]);

8. á mheas go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach leanúint d'fhaisnéis leormhaith a chur ar fáil do shaoránaigh AE faoi ról agus raon feidhme ghníomhaíochtaí an Ombudsman agus faoina tionchar ar fhorbairt institiúidí AE;

9. á mheabhrú go bhfuil sé ar cheann de na bealaí chun feabhas a chur ar dhearcadh na saoránach i leith an Aontaus é a dhéanamh níos inrochtana, níos intuigthe agus níos trédhearcaí dóibh; á chreidiúint, dá gcuirfí ar chumas na saoránach a rialtais a choinneáil cuntasach, go neartófaí cearta daonlathacha na saoránach agus go méadófaí muinín na saoránach as próiseas cinnteoireachta AE; á iarraidh ar an gCoimisiún na bearta is gá a dhéanamh chun an leibhéal trédhearcachta is airde is féidir a ráthú; á chur in iúl gur oth léi go mór, in ainneoin na n-iarrataí éagsúla a rinne an Pharlaimint agus an tOmbudsman, go bhfuil easpa trédhearcachta fós ag baint d'obair na Comhairle faoi láthair agus nach bhfuil rochtain iomchuí ag na saoránaigh ar dhoiciméid reachtacha arna dtáirgeadh ag an gComhairle; á iarraidh ar an gComhairle caighdeáin trédhearcachta daonlathais a chomhlíonadh mar a cheanglaítear faoi na Conarthaí agus mar a mhol an tOmbudsman ina tuarascáil speisialta i mí na Bealtaine 2018 ([9]);

10. á thabhairt chun suntais gur sa bhliain 2021 a comóradh fiche bliain ó tháinig an Rialachán Trédhearcachta i bhfeidhm; á chur in iúl gur geal léi gur dhírigh Oifig an Ombudsman fócas ar leith ar an ábhar sin i rith na bliana 2021; ag tabhairt dá haire gur léiríodh éifeachtaí dearfacha leis an gcóras sin ach go bhféadfaí é a choigeartú chun oiriúnú níos fearr d'fhorbairtí teicneolaíochta; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go bhfuil an reachtaíocht reatha maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid AE imithe i léig go mór mar gheall ar an dul chun cinn teicneolaíoch a rinneadh le blianta beaga anuas maidir le rochtain ar dhoiciméadacht, modhannanua cumarsáide agus bealaí éagsúla chun faisnéis a thaifeadadh, a bhainistiú agus a stóráil; á aithint gur gá athbhreithniú a dhéanamh ar an Rialachán Trédhearcachta chun an tAontas Eorpach a chur i dtús áite maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid agus trédhearcacht dhaonlathach do shaoránaigh; á chur in iúl gur geal léi ionchur an Ombudsman maidir leis an Rialachán Trédhearcachta agus á iarraidh ar an gCoimisiún, ar an gComhairle agus ar an gcoiste ábhartha sa Pharlaimint é sin a chur san áireamh;

11. ag tabhairt dá haire go bhfuil an Coimisiún, mar a luaigh an Leas-Uachtarán Věra Jourová le linn na comhdhála poiblí 'Rochtain ar dhoiciméid an Aontais: an chéad chéim eile?' a tionóladh an 15 Samhain 2021, réidh chun leanúint den obair reachtach maidir le rochtain ar dhoiciméid i gcomhpháirtíocht leis na comhreachtóirí;

12. á thabhairt chun suntais go bhfuil tionscnamh straitéiseach seolta ag an Ombudsman maidir leis an gcaoi a ndéanann an riarachán taifead ar théacs agus teachtaireachtaí meandracha arna seoladh/arna bhfáil ag an bhfoireann ina gcáil ghairmiúil; ag tacú le tiomantas an Ombudsman feabhas a chur ar an gcaoi a ndéileálann riarachán an Aontais le teachtaireachtaí téacs agus meandracha agus le teicneolaíochtaí nua eile mar chuid dá oibleagáidí trédhearcachta;

([8]) Féach breithiúnas an 12 Deireadh Fómhair 2022, *Vasallo Andrés* v *an Pharlaimint*, T-496/21, mír 21 (ECLI:AE:T:2022:628); breithiúnas an 27 Márta 2019, an *Dr. August Wolff GmbH & Co. KG Arzneimittel* agus *Remedia d.o.o.* v *an Coimisiún*, C-680/16 P, mír 26 (ECLI:EU:C:2019:257).

([9]) Tuarascáil Speisialta ón Ombudsman Eorpach i bhfiosrúchán straitéiseach OI/2/2017/TE maidir le trédhearcacht phróiseas reachtach na Comhairle.

13. ag cur suntas i bhfiosrúchán an Ombudsman maidir le diúltú an Choimisiúin rochtain phoiblí a thabhairt ar theachtaireachtaí téacs arna malartú idir Uachtarán an Choimisiúin agus POF cuideachta cógaisíochta maidir le ceannach vacsaíní COVID-19; á mheabhrú go meastar gur doiciméid de chuid an Aontais faoin Rialachán Trédhearcachta iad teachtaireachtaí téacs a mbaineann a n-inneachar leis na beartais, na gníomhaíochtaí agus na cinntí a thagann faoi réimse freagrachta na hinstitiúide; á iarraidh ar an gCoimisiún prionsabail na heitice, na trédhearcachta agus na cuntasachta i leith shaoránaigh na hEorpa a chomhlíonadh go hiomlán;

14. ag cur suntas i bhfiosrúchán an Ombudsman ar an gcaoi ar láimhseáil an Coimisiún iarratas ar rochtain phoiblí ar dhoiciméid a bhaineann le cáilíocht masc leighis a dáileadh in earrach na bliana 2020 le linn phaindéim COVID-19; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, nár áirithigh an Coimisiún an leibhéal is airde trédhearcachta a bhí ag teastáil an tráth a rinneadh an iarraidh, agus le linn géarchéim sláinte poiblí;

15. á chur i bhfáth gur gá faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme mholtaí 2016 ón Ombudsman maidir le tuilleadh trédhearcachta sa phróiseas reachtach; á chur in iúl gur geal léi iarraidh an Ombudsman go mbeadh níos mó trédhearcachta sna cruinnithe tríthaobhacha, agus á aithint gur gá an gcothromaíocht cheart a bhaint amach idir an trédhearcacht agus na dúshláin agus na híogaireachtaí ar leith a bhaineann le teacht ar chomhréitigh maidir le tograí reachtacha; á iarraidh an athuair go bhfoilseofaí doiciméadacht freisin roimh chruinnithe tríthaobhacha, nó go gairid ina ndiaidh, doiciméadacht lena n-áirítear féilirí, cláir oibre, miontuairiscí, doiciméid a scrúdaíodh, leasuithe agus faisnéis maidir le toscaireachtaí na mBallstát agus a seasaimh agus a miontuairiscí i dtimpeallacht chaighdeánaithe ar líne a bhfuil rochtain éasca uirthi, trí réamhshocrú i gcomhréir leis an Rialachán Trédhearcachta agus i gcomhréir le cásdlí CBAE;

16. á chur in iúl gur geal léi fiosrúchán straitéiseach leathan an Ombudsman ar an gcaoi a láimhseálann an Coimisiún cásanna doirse imrothlacha chomh maith le fiosrúcháin an Ombudsman ar dhoirse imrothlacha i gcomhlachtaí eile an Aontais Eorpaigh, amhail an Banc Eorpach Infheistíochta nó an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint; á mheabhrú go bhfuil sé bunriachtanach saincheist na ndoirse imrothlacha a bhainistiú go cuí chun muinín a chothú as institiúidí an Aontais; á iarraidh an athuair ar an Ombudsman leanúint dá cuid oibre chun a áirithiú go bhfoilseofar go tráthúil ainmneacha na n-oifigeach sinsearach de chuid an Aontais atá bainteach le cásanna doirse imrothlacha agus trédhearcacht iomlán a ráthú maidir le gach faisnéis ghaolmhar; á iarraidh ar an gCoimisiún faobhar a chur ar na rialacha maidir le doirse imrothlacha agus coinbhleacht leasa agus a áirithiú go gcuirfear rialacha láidre chun feidhme ar fud institiúidí uile AE;

17. ag tréaslú leis an Ombudsman as an bhfiosrúchán ar an gcaoi ar dhéileáil an Coimisiún le hábhair imní faoi chomhdhéanamh an Fhóraim Ardleibhéil maidir le hAontas Margaí Caipitil an Aontais Eorpaigh, fiosrúchán inar thángthas ar an gconclúid nach raibh de thoradh ar bhearta an Choimisiúin chun coinbhleachtaí leasa féideartha a mhaolú ach seachtar de 28 gcomhalta an ghrúpa a bheith neamhspleách go hiarbhír; á thabhairt chun suntais gur cinneadh go ndearnadh drochriarachán sa chás sin; á iarraidh ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, na rialacha eitice is déine a chur i bhfeidhm chun coinbhleachtaí leasa a chosc agus bearta breise a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar dhoirse imrothlacha, agus moltaí an Ombudsman á gcomhlíonadh go hiomlán;

18. á chur in iúl gur geal léi fiosrúchán straitéiseach an Ombudsman chun measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a n-áirithíonn an Coimisiún go bhfuil a idirghníomhaíochtaí le hionadaithe leasa tobac trédhearcach; á chur in iúl gur oth léi, cé is moite den Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte agus Sábháilteacht Bia (AS SANTE) agus a hArd-Stiúrthóireacht an Chánachais agus an Aontais Custaim (AS TAXUD), go bhfuil ag teip ar an gCoimisiún trédhearcacht iomlán réamhghníomhach a áirithiú maidir le cruinnithe le hionadaithe thionscal an tobac; á chur in iúl gur oth léi go mbaineann an mhainneachtain sin an bonn ó ghrinnscrúdú poiblí iomlán mar a cheanglaítear le forálacha Chreat-Choinbhinsiún na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS) maidir le Rialú Tobac (FCTC);

19. ag tabhairt dá haire, tar éis fiosrúchán a rinneadh ar shásra gearán Frontex, inar tharraing an tOmbudsman aird ar mhoilleanna na gníomhaireachta maidir lena hoibleagáidí nua faoin sásra féin agus oibleagáidí an Oifigigh um Chearta Bunúsacha a chomhlíonadh, gur oscail an tOmbudsman fiosrúchán féintionscnaimh maidir leis an gcaoi a gcomhlíonann Frontex a oibleagáidí maidir le cearta bunúsacha agus go n-áirithíonn sé cuntasacht i ndáil lena fhreagracht fheabhsaithe; á thabhairt chun suntais go ndearnadh iarracht san fhiosrúchán sin soiléiriú a dhéanamh ar nithe a bhaineann le cuntasacht 'oibríochtaí comhpháirteacha' Frontex agus gníomhaíochtaí a bhaineann le 'filleadh' imirceach a shoiléiriú, agus tacaíocht imirce a sholáthar i ndáil le scagadh ag teorainneacha seachtracha an Aontais;

20. á chur in iúl gur geal léi gur cuireadh tús le fiosrúchán maidir le ról an Choimisiúin i measúnú a dhéanamh ar inbhuanaitheacht na dtionscadal gáis arna liostáil mar thionscadail a bhfuil tábhacht réigiúnach ag baint leo ag an gComhphobal Fuinnimh – lena dtugtar le chéile AE, tíortha sna Balcáin Thiar, tíortha i Réigiún na Mara Duibhe, agus an Iorua – tar éis d'eagraíocht de chuid na sochaí sibhialta gearán a dhéanamh, inar cháin sí gur theip ar an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfaí measúnú cuí ar inbhuanaitheacht tionscadal gáis sula gcuirfí ar an liosta iad; á mheabhrú go ndearnadh meastóireacht ar na tionscadail sin de réir modheolaíocht a d'úsáid an Coimisiún roimhe seo le haghaidh a liosta de thionscadail leasa choitinn, nach bhfuil leordhóthanach faoi láthair agus nach n-úsáidtear a thuilleadh; á mheas, go háirithe sa chomhthéacs an fhuinnimh gheopholaitiúil atá ann faoi láthair, gur cheart meastóireacht a dhéanamh ar an mbealach is trédhearcaí, is comhsheasmhaí agus is rannpháirtí is féidir ar thionscadail fuinnimh arna gcur chun cinn nó arna maoiniú ag an Aontas;

21. á chur in iúl gur geal léi ráitis an Ombudsman maidir le nósanna imeachta trádála, lena gcuirtear chun suntais mar shampla de dhrochriarachán nár chuir an Coimisiún 'measúnú tionchair inbhuanaitheachta' nuashonraithe i gcrích sular tugadh caibidlíochtaí trádála AE-Mercosur chun críche;

22. ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil tábhacht ag baint le reacht nuashonraithe a ghlacadh d'Oifig an Ombudsman i mí an Mheithimh 2021; á mheabhrú go gcódaíonn an reacht nua go leor de chleachtais oibre rathúla na hOifige le blianta beaga anuas; á chur in iúl gur geal léi go soláthraíonn an reacht athbhreithnithe creat dlíthiúil neartaithe don Oifig agus bunaítear leis coimircí nua a ráthaíonn a neamhspleáchas tuilleadh; á chreidiúint go láidir nach mór an buiséad a leithdháiltear ar Oifig an Ombudsman a leasú chun a áirithiú go bhfuil na hacmhainní is gá aici chun an t-ualach oibre foriomlán a láimhseáil go héifeachtach agus go bhfuil sí in ann leanúint de bheith ag obair go cumasach chun freastal ar shaoránaigh na hEorpa;

23. ag tréaslú le hOifig an Ombudsman as cur i bhfeidhm agus athbhreithniú an nós imeachta 'mear', ar nós imeachta é a fhéachann le déileáil go tapa le rochtain phoiblí ar ghearáin faoi dhoiciméid; ag tabhairt dá haire gur léirítear torthaí den chéad scoth sa nós imeachta sin, lena n-áirítear laghdú suntasach ar amanna próiseála, méadú ar líon na rochtana ar ghearáin faoi dhoiciméid, agus sásamh ginearálta na ngeallsealbhóirí leis an nós imeachta 'mear';

24. á chur in iúl gur geal léi an straitéis nua maidir le cearta daoine faoi mhíchumas a thíolaic an Coimisiún an 3 Márta 2021, lena gcumhdaítear an tréimhse ó 2021 go 2030 agus lena leagtar síos an creat do chur chun feidhme UNCRPD ag na Ballstáit agus ag institiúidí an Aontais;

25. á chur in iúl gur geal léi tiomantas an Ombudsman; á aithint a cuid oibre mar bhall de chreat an Aontais Eorpaigh atá dírithe ar chur chun feidhme ceart UNCRPD ag institiúidí an Aontais agus é á chosaint, á chur chun cinn agus faireachán á dhéanamh ag na hinstitiúidí air; á aithint ról na hEorpa mar chomhpháirtí domhanda maidir le tacú le daoine faoi mhíchumas a chuimsiú;

26. ag leagan béim ar thorthaí dhá fhiosrúchán maidir leis an gcaoi a gcaitear cistí an Aontais in institiúidí cúraim shóisialta; á chur in iúl gur geal léi fiosrúchán féintionscnaimh an Ombudsman maidir leis an gcaoi a ndéanann an Coimisiún faireachán ar chistí AE a úsáidtear chun an ceart a chur chun cinn atá daoine faoi mhíchumas agus ag daoine scothaosta a bheith ag cónaí go neamhspleách;

27. á chur in iúl gur geal léi liosta na ndea-chleachtas chun freastal ar riachtanais daoine faoi mhíchumas le linn éigeandálaí, arna tharraingt suas mar thoradh ar thionscnamh straitéiseach maidir leis an gcaoi a bhfreastalaíonn an Coimisiún ar riachtanais speisialta na mball foirne faoi mhíchumas i gcomhthéacs COVID-19; ag spreagadh an Ombudsman agus a hoifige chun leanúint dá gcuid oibre i bhfabhar daoine faoi mhíchumas agus chun a áirithiú gur féidir leo leas iomlán a bhaint as a gceart chun iad a tharchur chuig an Ombudsman Eorpach;

28. ag tréaslú leis an Ombudsman as ról Líonra Eorpach na nOmbudsman (ENO) a leathnú i bhfothú acmhainneachta agus i gcomhroinnt dea-chleachtas idir institiúidí ombudsman na mBallstát, tíortha LEE agus tíortha is iarrthóirí AE a leathnú; ag tréaslú le ENO as seimineáir ghréasáin spriocdhírithe a eagrú atá dírithe ar ábhair éagsúla, lena n-áirítear an intleacht shaorga agus ríomhrialtas i riaracháin phoiblí; sásra gearán Frontex agus faireachán ar fhilltí éigeantacha; agus cúram institiúideach, úsáid chistí an Aontais agus ceachtanna a foghlaimíodh ó phaindéim COVID-19;

29. ag spreagadh an Ombudsman chun leanúint dá comhoibriú le roinnt ombudsman náisiúnta trí ENO; á chreidiúint gur gá dlús a chur le hidirghníomhaíochtaí agus le malartú dea-chleachtas le agus idir ombudsmain náisiúnta agus réigiúnacha agus an tOmbudsman Eorpach chun a áirithiú go mbeidh eolas níos fearr ag saoránaigh faoina gcearta agus go mbeidh treoir níos fearr acu agus gearáin á ndéanamh acu; á iarraidh ar an líonra sin machnamh a dhéanamh ar an ról a d'fhéadfadh a bheith ag ombudsmain náisiúnta agus réigiúnacha maidir le rannpháirtíocht shaoránaigh AE i bpróiseas cinnteoireachta AE a mhéadú;

30. ag tréaslú leis an Ard-Stiúrthóireacht um Chabhair Dhaonnúil agus Cosaint Shibhialta agus SEGS as Gradam an Ombudsman Eorpaigh do Dhea-Riarachán 2021 a bhaint amach as a n-iarrachtaí suntasacha a rinne siad anuraidh chun cabhrú le níos mó ná leathmhilliún saoránach san Aontas a bhí sáinnithe ar fud an domhain mar gheall ar phaindéim COVID-19 a aisdúichiú;

31. á threorú dá hUachtarán an rún seo agus tuarascáil an Choiste um Achainíocha a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig an Ombudsman Eorpach, chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus chuig a n-ombudsmain nó chuig na comhlachtaí inniúla comhchosúla.